


TREOIRLÍNE

AR FHORBAIRT INNIÚLACHTA MEANTÓIREACHTA MEANTÓIRÍ ALTRANAIS CLINICIÚLA



UNIVERSITY
OF OULU



Universitat d'Alacant
Universidad de Alicante



Erasmus+



Tá sé mar aidhm ag treoirlíne an Aontais Eorpaigh (AE) neart a chur ar fhorbairt inniúlachta meantóireachta meantóirí altranais cliniciúla, rud ar féidir athléimneacht an chórais sláinte i dtíortha an Aontais a fheabhsú. Tá an treoirlíne bunaithe ar fhianaise taighde a ndearnadh meastóireacht chriticiúil uirthi agus a forbraíodh le linn namblianta 2018-2021 tríd an tionscadal Erasmus+ - Meantóireacht Cáilíochta do Mhic Léinn Altranais Inniúla a Fhorbairt (QualMent) faoi cheannaireacht foirne idirnáisiúnta saineolaithe a bhfuil eolas agus saineolas fairsing acu ar mheantóireacht.

Scríobh agus thiomsaigh na húdair seo a leanas an doiciméad seo:

Ashlee Oikarainen¹, An Dr. Kristina Mikkonen¹, Erika Juskauskienė², An Dr. Maria Kääriäinen¹, Veera Kaarlela¹, An Dr. M. Flores Vizcaya-Moreno³, Dr. Rosa M Pérez-Cañaveras³, An Dr Paul de Raeve⁴, Boris Miha Kaučič⁵, An Dr. Bojana Filej⁵, Dr. Olga Riklikienė²

Rinne painéil saineolaithe sa Bheilg, san Fhionlainn, sa Liotuáin, sa tSlóivéin agus sa Spáinn athbhreithniú ar an doiciméad seo.

¹Ollscoil Oulu, Taighde Aonad Eolaíochta Altranais agus Bainistíocht Sláinte, an Fhionlainn; ²Ollscoil Eolaíochtaí Sláinte na Liotuáine, an Liotuáin; ³Ollscoil Alicante, Dámhnan Eolaíochtaí Sláinte, an Spáinn; ⁴Cónaidhm Eorpach na gCumann Altraí, an Bheilg; ⁵Coláiste Altranais i Celje, an tSlóivéin

Tacaíodh le forbairt na teorach seo trí mhaoiniú ón gCoimisiún Eorpach. Chuir na húdair an fhaisnéis sa doiciméad seo ar fáil agus ní gá gurb ionann an fhaisnéis agus cinntí nó beartas luaite ann leis an gCoimisiún Eorpaigh.

Tá an doiciméad seo ar fáil ar shuíomh Gréasáin thionscadal QualMent: <https://www.qualment.eu/>

ACHOIMRE AR AN TREOIRLÍNE

Cúlra: Déantar cuid shuntasach den oideachas altranais i dtimpeallachtaí foghlama cliniciúla. Tá ról tábhachtach ag meantóirí altranais cliniciúla i dtacú le forbairt inniúlachta gairmiúla mac léinn altranais. Is féidir le meantóirí a ghnóthaíonn croí-inniúlachtaí sa mheantóireacht tacú níos fearr le mic léinn altranais na hocht réimse inniúlachta atá sainithe i dTreoir 55 an Aontais Eorpaigh a bhaint amach.

Aidhm: Moltaí a thabhairt maidir le hinniúlacht meantóirí altranais cliniciúla a fhorbairt i meantóireacht ar mhic léinn altranais i gcleachtas cliniciúil.

Cuspóirí: 1) Cleachtais mheantóireachta éifeachtacha a chur chun cinn agus tacú leo; 2) Cur le forbairt inniúlachta meantóirí; agus 3) oideachas altranais a fheabhsú ar leibhéal idirnáisiúnta trí mheantóireacht ardchaighdeáin agus timpeallachtaí foghlama cliniciúla do mhic léinn altranais.

Spriocghrúpaí: Meantóirí altra cliniciúla,

oideachasóirí altra agus eagraíochtaí oideachais, bainisteoirí altraí ag gach leibhéal, gairmithe sláinte eile, mic léinn altranais fochéime agus iarchéime, cumainn altranais náisiúnta, comhlachtaí rialála altranais, polaiteoirí agus lucht déanta beartas.

Moltaí: Leanann tíortha ar fud na cruinne orthu ag cuardach réitigh chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin a bhaineann le fórsa saothair inbhuanaithe altranais a choinneáil. Is straitéisí tábhachtacha i gcónaí iad timpeallachtaí foghlama cliniciúla ar ardchaighdeán a dhaingniú agus tacú le forbairt inniúlachta meantóirí i meantóireacht ar mhic léinn altranais chun earcaíocht, coinneáil agus céimiú mac léinn altranais inniúla a fheabhsú. Ba cheart go mbeadh neartú na meantóireachta ardchaighdeáin mar thosaíocht ar chlár oibre polaitiúil na mBallstát, mar aon leis an gceanglas go nglacfadh meantóirí cliniciúla i ngach suíomh cúram sláinte páirt in oideachas struchtúrtha meantóireachta.


1 Inniúlacht le haghaidh meantóireachta

Deartha chun tacú leat i do ról mar mheantóir altra cliniúil, tugann an treoirlíne seo breac-chuntas ar do chuid freagrachtaí agus deiseanna chun tacú le foghlaim mac léinn altranaís. Ní féidir an iomarca béime a chur ar thábhacht ról na meantóirí altranaís cliniúla agus fíorú na meantóireachta ardchaighdeáin. Tá timpeallachtaí foghlama cliniúla ar ardchaighdeán ríthábhachtach chun fórsa saothair inbhuanaithe altranaís na todhchaí a ullmhú. Is sna timpeallachtaí seo a chuireann mic léinn a gcuid eolais i bhfeidhm, foghlaimíonn siad scileanna lárnacha agus baineann siad an inniúlacht riachtanach amach a theastaíonn chun altranais a chleachtadh.

Leis an **múnla inniúlachta meantóirí cliniúla fhianaise-bhnaithe** (Mikkonen et al., 2019) tugtar breac-chuntas ar phríomhchodanna inniúlachta meantóireachta. Feidhmíonn meantóirí altra cliniúla mar eiseamláirí do mhic léinn agus bíonn an deis acu luachanna gairmiúla agus sláine a chur ar bun i suíomhanna cliniúla. Tacaíonn siad le mic léinn cúram sábháilte atá dírithe ar an duine a chleachtadh atá ar aon dul le Treoir AE 2013/55/Airteagal 31 AE (leathanach 4).

Is éard atá in inniúlacht meantóireachta ná 1) inniúlachtaí aonair meantóirí, 2) inniúlacht chultúrtha sa mheantóireacht agus 3) inniúlacht i dtacú le próiseas foghlama na mac léinn (leathanaigh 5-10). Is féidir teacht ar mholtaí maidir le meantóireacht i dtimpeallachtaí foghlama cliniúla ar leathanaigh 10-11 den doiciméad seo.

Múnla inniúlachta na meantóirí altra cliniúla atá bunaithe ar fhianaise



2 Bunús na meantóireachta

Tá saineolas ag meantóirí sa réimse cliniciúil ina bhfeidhmíonn siad agus ina gcur chuige oideolaíoch maidir le tacú le foghlaim mac léinn altranais. Ní amháin gur saineolaithe cliniciúla iad meantóirí, ach feidhmíonn siad mar eiseamláirí do mhic léinn agus cabhraíonn siad leo forbairt ina ngairmithe atá inniúil ar chúram ardchaighdeán, sábháilte agus dírithe ar an duine a sholáthar.

2.1 Meantóireacht ardchaighdeán agus fianaise-bhunaithe

Tá meantóirí freagrach as meantóireacht a dhéanamh ar mhic léinn ar bhealach atá bunaithe ar fhianaise. Sainmhínítear gnéithe na meantóireachta fianaise-bhunaithe thíos.



What is needed to ensure that mentoring is of high-quality and evidence-based?

Éilítear le meantóireacht ardchaighdeán go ndéanfaí cleachtais a fhorbairt a fhreastalóidh níos fearr ar riachtanais mac léinn altranais agus a chuireann a bhféiniúlacht ghairmiúil mar altraí chun cinn. Léirigh staidéar a rinneadh i gceithre Bhallstát Lár/Oirthear an Aontais go raibh mic léinn altranais

an-sásta lena dtaithí ar shocrúchán cliniciúil agus bhraith formhór na mac léinn gur eiseamláir thábhachtach ghairmiúil a bhí ina meantóir (Antohe et al., 2015). Moladh go ndéanfaí cláir um fhorbairt ghairmiúil leanúnach ar mheantóireacht a thairiscint d'fhoireann altranais ar na bunleibhéil agus ar na hardleibhéil.

2.2 Cúram duine-lárnach

Tacaíonn meantóirí le fás gairmiúil na mac léinn agus iad ina ngairmithe freagracha a chomhtháthaíonn cur chuige an chúraim duine-lárnaigh i gcleachtas altranais. Is é an cur chuige sin príomhfhócas phróiseas foghlama cliniciúla na mac léinn. Tá sé riachtanach go mbeadh meantóirí inniúil ar mhic léinn a threorú chun peirspictíochtaí daoine aonair, theaghlaigh agus phobail a ghlacadh go feasach i bpróisis réasúnaíochta cliniciúla agus cinnteoireachta.

2.3 Creat inniúlachta Chónaidhm Eorpach na nAltraí

Ceanglaítear ar mheantóirí cliniciúla tacú le mic léinn sa chaoi is go bhfaighidh siad na hocht réimse inniúlachta a shainmhínítear i dTreoir 2013/55/Airteagal 31 AE ina gcuimsítear: **(cliceáil anseo le haghaidh tuilleadh sonraí)**

- An cúram altranais a theastaíonn a dhiagnóisiú go neamhspleách ag baint úsáid as an an eolas teoiriciúil agus cliniciúil reatha agus cúram altranais a phleanáil, a eagrú agus a chur i bhfeidhm agus othair á gcóireáil;
- Oibriú go héifeachtach le gníomhaithe eile san earnáil sláinte, lena n-áirítear rannpháirtíocht in oiliúint phraiticiúil pearsanra sláinte;
- Cumhacht a thabhairt do dhaoine aonair, teaghlaigh agus grúpaí i dtreo stíleanna maireachtála sláintiúla agus féinchúraim ar bhonn an eolais agus na scileanna a fuarthas;
- Bearta caomhnaithe beatha a thionscnamh go neamhspleách agus bearta a dhéanamh i ngéarchéimeanna agus i gcásanna tubaiste;
- Comhairle a thabhairt go neamhspleách do dhaoine a dteastaíonn cúram agus a bhfigiúirí astaithe uathu;
- Cáilíocht cúram altranais a chinntiú agus a mheas go neamhspleách;
- Cumarsáid chuimsitheach ghairmiúil a dhéanamh agus comhoibriú le baill de na gairmeacha eile san earnáil sláinte;
- Anailís a dhéanamh ar cháilíocht an chúraim chun a gcleachtas gairmiúil féin mar altra cúraim ghinearálta a fheabhsú.

3 Inniúlachtaí aonair agus idirghabháil an mheantóra san ionad oibre

3.1 Inniúlachtaí aonair meantóirí

Bíonn tionchar mór ag tréithe pearsanta agus spreagadh meantóirí cliniciúla ar chaidreamh rathúil idir meantóir agus mac léinn a fhorbairt. Tá ról lárnach ag meantóirí maidir le mic léinn a chomhtháthú i dtimpeallachtaí oibre agus i bhfoirne cúraim sláinte idirghairmiúil. Ní mór do mheantóirí a bheith eolach ar chleachtais mheantóireachta agus ar na hacmhainní atá ann don mheantóireacht. Bíonn na pairtí leasmhara ábhartha uile mar oideachasóirí altranais, mic léinn agus baill foirne eile páirteach sa phróiseas meantóireachta.

I measc tréithe tábhachtacha na meantóirí cliniciúla tá:

- Muinín maidir le hinniúlacht phearsanta i gcomhlíonadh tascanna altranais agus i gcomhlíonadh na bhfreagrachtaí a bhaineann le bheith i do mheantóir
- Cumas chun timpeallacht thacúil a chruthú don fhoghlaím
- Seasamh chun tosaigh chun caidrimh agus comhoibriú a neartú leis an mac léinn agus leis an oide altra
- Inniúil ar mhic léinn a chomhtháthú i bhfoirne cúraim sláinte agus mic léinn a chur in aithne do chomhghleacaithe
- Toilteanas chun eispéiris foghlama na mac léinn a phlé go rialta
- Cumas agus toilteanas dearcadh ionbhách a léiriú i leith meantóireachta agus cúraim atá dírithe ar an duine
- Tuiscint ar ról agus freagracht an mheantóra féin i bpróiseas foghlama na mac léinn.

Is féidir an spreagadh i dtreo mheantóireacht mac léinn a fheiceáil sa mhéid a leanas:


- toilteanas an mheantóra meantóireacht a dhéanamh ar mhic léinn agus spéis acu aithne a chur ar na mic léinn
- aitheantas agus tuiscint ar an tábhacht a bhaineann le spreagadh ar fhoghlaím na mac léinn
- dícheall leanúnach an mheantóra forbairt mar mheantóir
- cumas an mheantóra a leibhéal inspreagtha féin mar mheantóir a aithint chomh maith le leibhéal inspreagtha na mac léinn chun foghlama

Ní mór do mheantóirí a bheith eolach ar chleachtais mheantóireachta agus ar na hacmhainní atá ann don mheantóireacht. Is codanna riachtanacha iad sin de rath na meantóireachta. Lena n-áirítear:

- eolas ar chleachtais mheantóireachta laistigh de d’eagraíocht féin agus níos faide i gcéin
- eolas ar leibhéal inniúlachta reatha na mac léinn, a gcomhthéacs oideachais agus a gcúlra
- an cumas chun comhoibriú go héifeachtach leis an oide altra agus sa chás gur gá, teagmháil bhreise a shainaithint
- tuiscint ar na hacmhainní atá ar fáil do mheantóirí chun tacú leo ina ról meantóireachta

3.2 Ról meantóirí i dtimpeallachtaí foghlama cliniciúla ar ardchaighdeán

Tá ról lárnach ag meantóirí maidir le timpeallachtaí foghlama cliniciúla a chothabháil atá sábháilte go fisiciúil, go sóisialta agus go mothúchánach. Leis an bpictiúr seo thíos déantar gnéithe tábhachtacha de thimpeallachtaí foghlama cliniciúla a shainmhíniú. Tagann mic léinn ó chúlraí cultúrtha agus teanga éagsúla, agus tá sé ríthábhachtach meas a choinneáil ar éagsúlachtaí. I measc na ngnéithe lárnacha breise de thimpeallachtaí foghlama cliniciúla tá áitribh an aonaid oibre, ról an mhic léinn, meantóireacht, atmaisféar, ionduchtú agus stíl bhainistíochta. Tá sé riachtanach go gcuireann eagraíochtaí agus gach gairmí laistigh d'fhoirne cúraim sláinte ceangal orthu féin sábháilteacht mac léinn a chothabháil.



Is féidir le meantóireacht ardchaighdeáin tionchar a imirt ar an gcineál gairmithe a théann isteach sa réimse altranais agus cuidiú le coinneáil gairmithe a mhéadú.

3.3 Leideanna maidir le heispéiris agus torthaí foghlama dearfacha a uasmhéadú do mhic léinn mar eagraíocht

Leid # 1 Cleachtais dhearfacha meantóireachta a chomhtháthú i gcultúr eagrúcháin na dtimpeallachtaí cúraim sláinte.

Leid #2 Iarracht chomhfhiosach a dhéanamh chun mic léinn a chomhtháthú i dtimpeallachtaí oibre agus i bhfoirne cúraim sláinte idirghairmiúla.

Leid #3 Comhoibriú oideachasóra meantóra-mac léinn-altra a neartú mar go bhféadfadh sé cabhrú le mic léinn a bheith rathúil i gcleachtas cliniciúil.

Leid #4 Aitheantas a thabhairt do shaintréithe lárnacha mac léinn na glúine nua (Mílaoisigh, agus Glúin Z) d'fhonn smaoineamh ar conas dul i dteagmháil go rathúil leis na mic léinn sin agus oiliúint a chur orthu.

Leid #5 Úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí foghlama agus eolais agus cás-staidéir le linn meantóireachta chun próiseas foghlama na mac léinn a fheabhsú.

3.4 Leideanna ar ghníomhaíochtaí is féidir a chomhtháthú in oideachas meantóireachta

Leid #1 Aird a tharraingt ar an tábhacht chun am a chur ar fáil do mhic léinn altranais díriú ar an timpeallacht nua foghlama cliniciúla. Is féidir le meantóirí cliniciúla machnamh a dhéanamh ar an geaoi ar féidir leo cabhrú le mic léinn mothú go bhfuil fáilte rompu agus go bhfuil siad sábháilte.

Leid #2 Agus iad ag cleachtadh scileanna altranais ábhartha, caithfear tacaíocht a thabhairt do mhic léinn agus ní mór do mheantóirí cliniciúla a chinntiú go gcoinnítear caighdeáin phroifisiúnta. Is féidir le meantóirí cliniciúla eispéiris a roinnt ar straitéisí a úsáidtear agus iad ag traenáil mac léinn i bpleanáil agus i measúnú cúraim othar.

Leid #3 Straitéisí a chomhtháthú in oideachas meantóireachta a chuidíonn le meantóirí cliniciúla an caidreamh mac léinn-meantóra agus réimsí inniúlachta eile a fhorbairt atá riachtanach le haghaidh meantóireachta éifeachtaí i socrúcháin chliniciúla.

4 Inniúlacht chultúrtha meantóirí

4.1 Inniúlacht chultúrtha meantóirí sa mheantóireacht a fhorbairt

I rith socrúchán cliniciúil, is minic go mbíonn dúshláin maidir le difríochtaí cultúrtha agus bacainní teanga roimh mhic léinn altranais ó chúlraí cultúrtha agus teanga éagsúla. Is féidir le ról an mheantóra chliniciúil a bheith dúshlánach agus ní mór aird ar leith a thabhairt ar fhorbairt inniúlachta cultúrtha na meantóirí sa mheantóireacht. Tá sé rithábhachtach meantóirí a ullmhú ó thaobh oideachais de chun meantóireacht atá oiriúnach go cultúrtha a chur ar fáil agus chun freastal ar riachtanais foghlama gairmiúla na mac léinn.

4.2 Sainmhíniú ar inniúlacht chultúrtha sa mheantóireacht

Sainmhínítear inniúlacht chultúrtha mar “ghníomh casta atá bunaithe ar mhachnamh criticiúil agus ar ghníomh, ar a dtarraingíonn an gairmí sláinte chun cúram atá sábháilte ó thaobh cultúir, iomchuí agus éifeachtach a sholáthar i gcomhpháirtíocht le daoine aonair, teaghlaigh, agus pobail a mhaireann eispéiris sláinte, agus a bhfuil taithí sláinte acu, agus a chuireann gnéithe sóisialta agus polaitiúla an chúraim san áireamh ”(Blanchet Garneau and Pepin, 2015, lch. 12). Sainmhínítear inniúlacht chultúrtha sa mheantóireacht mar “an próiseas ina ndéanann meantóir na dáimhe iarracht i gcónaí an cumas agus an infhaighteacht a bhaint amach chun meantóireacht a dhéanamh go héifeachtach i gcomhthéacs cultúrtha an mhic léinn atá faoi chúram” (Campinha-Bacote, 2010, lch. 131).

Leis na tréithe seo a leanas, cuimsítear inniúlacht chultúrtha meantóirí.

- feasacht chultúrtha, íogaireacht agus eolas
- cumarsáid agus idirghníomhaíocht idirchultúrtha
- scileanna cultúrtha agus an cumas timpeallacht foghlama atá sábháilte ó thaobh cultúir de a chruthú.

4.3 Meantóireacht ar mhic léinn altranais éagsúla

Sainmhínítear thíos na hinniúlachtaí sonracha atá de dhíth chun cúram atá dírithe ar an duine agus comhionann ó thaobh an chultúir de agus meantóireacht chultúrtha do mhic léinn atá éagsúil ó

thaobh cultúir agus teanga de a chur ar fáil.

Feasacht chultúrtha, íogaireacht agus eolas:

- fonn agus tiomantas chun meantóirecht, agus tacaíocht a chur ar fáil do mhic léinn atá éagsúil ó thaobh cultúir agus teanga de agus iad a chomhtháthú.
- eolas ar do chúlra cultúrtha féin
- machnamh ar an tionchar a bhíonn ag do chóras cultúir agus creidimh féin ar ghníomhartha duine mar ghairmí agus ar idirghníomhaíochtaí le daoine eile
- toilteanas claontachtaí agus dearcthaí féideartha i leith othar/cliant nó mac léinn a thabhairt isteach agus íogaireacht chultúrtha a fhorbairt
- aitheantas don tábhacht a bhaineann le glacadh cultúrtha le hothair/cliaint agus mic léinn atá éagsúil ó thaobh cultúir de
- dearcadh fáilteach a chothú i leith cultúir agus tuairimí éagsúla cúraim
- meas ar an éagsúlacht i gcúram dírithe ar an duine agus sa mheantóireacht ar mhic léinn

cumarsáid agus idirghníomhaíocht idirchultúrtha:

- na scileanna a bheith acu chun cumarsáid éifeachtach a dhéanamh agus chun idirghníomhú le hothair/cliaint agus mic léinn atá éagsúil ó thaobh cultúir de
- tuiscint a bheith acu ar éifeachtaí cultúir ar phatrúin na cumarsáide briathartha agus neamhbhriathartha

Scileanna cultúrtha in altranas agus sa mheantóireacht:

- na scileanna a bheith acu chun déileáil le cásanna dúshlánacha cultúrtha i gcúram atá dírithe ar an duine agus sa mheantóireacht
- scileanna chun oibriú go compordach agus go héifeachtach le mic léinn atá éagsúil ó thaobh cultúir de agus a riachtanais foghlama aonair agus a stíleanna cumarsáide a thuiscint
- a chinntiú go bhfuil an mac léinn atá éagsúil ó thaobh cultúir de in ann feidhmiú i gcomhthéacs an chúraim shláinte agus cúram sábháilte, iomchuí cultúrtha a sholáthar don othar/cliant

4.4 Leideanna ar ghníomhaíochtaí ar féidir a chomhtháthú in oideachas inniúlachta cultúrtha do mheantóirí

Leid #1 Déanann meantóirí cliniciúla machnamh ar a ról i gcabhair a thabhairt don mhac léinn atá éagsúil ó thaobh cultúir agus teanga de na dúshláin atá roimh shocrúchán cliniciúil a shárú agus ar a ról i dtacú le próiseas comhtháthaithe agus oiriúnaithe an mhic léinn.

Leid #2 Aithníonn agus sainmhíníonn meantóirí cliniciúla tréithe inniúlachta cultúrtha sa mheantóireacht agus úsáideann siad iad chun a bhforbairt phearsanta a phleanáil in inniúlacht chultúrtha.

Leid #3 Déanann meantóirí cliniciúla machnamh ar a gcúlra cultúrtha pearsanta féin agus ar an gcaoi a bhféadfadh tionchar a bheith ag a gcóras luacha agus creidimh féin ar theagmhais ilchultúrtha.

Leid #4 Is minic a bhíonn tionchar ag an gcultúr ar phatrúin na cumarsáide briathartha agus neamhbhriathartha. Tuairiscíodh go gcuireann deacrachtaí cumarsáide strus ar mhic léinn agus ar mheantóirí araon. Ábhar a chomhtháthú ar an gcaoi ar féidir tacú le forbairt ghairmiúil teanga agus inniúlacht na mac léinn sa teanga áitiúil. Smaoinigh ar úsáid a bhaint as saineolas saineolaithe teanga chun ábhar maidir leis an topaic a fhorbairt.

Leid #5 Tá ról ríthábhachtach ag meantóirí cliniciúla maidir le timpeallachtaí foghlama cliniciúla atá sábháilte agus íogair ó thaobh cultúir de a chinntiú, a thacaíonn le foghlaim na mac léinn atá éagsúil ó thaobh cultúir agus teanga de. Ní mór do mheantóirí gníomhú láithreach chun aghaidh a thabhairt ar chlaontacht, steiréitíopaí agus ciníochas a d'fhéadfadh a bheith ann i dtimpeallachtaí foghlama cliniciúla. Cleachtaí insamhalta a chruthú inar féidir le meantóirí cliniciúla a gcuid scileanna cultúrtha a chleachtadh i gcásanna meantóireachta fíorshaoil éagsúla.

Leid #6 Is féidir le meantóireacht ar mhic léinn atá éagsúil ó thaobh cultúir agus teanga de a bheith strusmhar agus tógann sé am. Is féidir le meantóirí cliniciúla smaoineamh ar bhealaí inar féidir leo an tacaíocht a theastaíonn uathu a fháil chun go n-éireoidh leo ina ról.

Leid #7 Éist le guth agus le heispéiris mac léinn atá éagsúil ó thaobh cultúir agus teanga de. Straitéisí a chomhtháthú in oideachas meantóireachta ar nós físeáin, scéalta digiteacha, agallaimh nó díospóireachtaí painéil le mic léinn.



5 Inniúlacht meantóirí maidir le tacú le próiseas foghlama mhic léinn

5.1 Measúnú ar inniúlacht chliniciúil mac léinn altranais

Tá measúnú ar inniúlacht chliniciúil mac léinn altranais casta agus dúshlánach do mheantóirí agus oideachasóirí altranais. Tá sé thar a bheith tábhachtach oibiachtúlacht a choimeád le linn an phróisis lena fháil amach an bhfuil na hinniúlachtaí riachtanacha bainte amach ag an mac léinn nó nach bhfuil. Spreagtar úsáid modhanna measúnaithe éifeachtacha agus uirlisí measúnaithe iontaofa agus bailí.

Is féidir le meantóirí dúshláin mheasúnaithe a shárú trí thacú go comhfhiosach le próiseas foghlama na mac léinn le linn an chleachtais chliniciúil ar fad. Déanann an meantóir agus an mac léinn machnamh leanúnach ar fhoghlaim chliniciúil agus ar éachtaí a dhéantar le linn cleachtas cliniciúil.

5.2 Díriú ar an mac léinn le linn na meastóireachta

Is féidir cur chuige dírithe ar an mac léinn i leith meastóireachta a éascú nuair a éiríonn leis an meantóir an timthriall leanúnach seo a leanas a chomhtháthú i gcleachtas laethúil meantóireachta.

1. Treoshuíomh spriocanna
2. Machnamh le linn meantóireachta
3. Aiseolas cuiditheach

5.3 Treoshuíomh spriocanna sa mheantóireacht

Ciallaíonn treoshuíomh spriocanna sa mheantóireacht go n-oibríonn an meantóir agus an mac léinn le chéile mar fhoireann ionas gur féidir leis an mac léinn na spriocanna foghlama atá leagtha síos don chleachtas cliniciúil a bhaint amach. Tá sé riachtanach go sainmhínítear spriocanna go soiléir ag tús chleachtas cliniciúil an mhic léinn. Ba cheart go mbeadh eolas ag meantóirí ar na hinniúlachtaí nach mór do mhic léinn altranais a bhaint amach agus ar an gcaoi chun tacaíocht a thabhairt do mhic léinn na hinniúlachtaí sin a bhaint amach.

Is féidir le meantóirí tacaíocht a thabhairt do mhic léinn a gcuipóirí foghlama a leagan síos tríd an méid a leanas a dhéanamh:

- gníomhaíochtaí cliniciúla agus idirghabhálacha is féidir a chur i gcrích le linn an chleachtais chliniciúil a mhíniú
- tagairt a dhéanamh do na spriocanna foghlama agus na critéir mheasúnaithe atá leagtha síos ag an eagraíocht oideachais don chleachtas cliniciúil atá i gceist
- leibhéal inniúlachta an mhic léinn a aithint roimh thús an chleachtais chliniciúil agus plean a dhéanamh chun cabhrú le forbairt inniúlachta trí thascanna iomchuí a shannadh
- a chinntiú go leagann an mac léinn spriocanna gearrthéarmacha agus fadtéarmacha amach atá sainiúil, intomhaiste, insroichte, ábhartha agus faoi cheangal ama.

5.4 Machnamh le linn meantóireachta

Ciallaíonn machnamh le linn meantóireachta go spreagann an meantóir an mac léinn chun machnamh criticiúil a dhéanamh, mar shampla, ar an gcaoi a ndearnadh tascanna cliniciúla nó ar an gcaoi ar éirigh leis an mac léinn idirghníomhú le cliaint. Téann an meantóir agus an mac léinn i mbun plé machnamhach go rialta.

D’fhonn machnamh éifeachtach a chur chun cinn le linn meantóireachta, ba cheart do mheantóirí

- atmaisféar sábháilte a chruthú inar féidir plé ar eispéiris foghlama a roinnt go hoscailte idir an meantóir agus an mac léinn
- iarraidh ar an mac léinn ceisteanna a fhreagairt le linn an chleachtais chliniciúil agus an mac léinn a spreagadh chun machnamh a dhéanamh ar a ghníomhartha agus a réimsí forbartha féin
- modhanna éagsúla a chomhtháthú chun féin-mhachnamh an mhic léinn agus macnamh ar fhoghlaim le piaraí a fheabhsú
- cur chuige struchtúrtha a úsáid chun idirphlé frithpháirteach leis an mac léinn a chur chun cinn. Mar shampla, iarr ar an mac léinn ar bhonn laethúil conas mar a thit an lá amach a roinnt, an méid a d’fhoghlaim an mac léinn agus na nithe a bhfuil an mac léinn ag tnúth le níos mó a fhoghlaim fúthu.

5.5 Aiseolas cuiditheach a thabhairt

Is minic a spreagann aiseolas cuiditheach atá tráthúil, úsáideach agus a thugtar go minic do mhic léinn

a n-inniúlacht ghairmiúil a fhorbairt tuilleadh.

Ní bhíonn sé furasta i gcónaí aiseolas cuiditheach a thabhairt. Bí ionbhách i leith an mhic léinn agus cuimhnigh go mbíonn am ag teastáil ón mac léinn chun foghlaim agus forbairt chun bheith ina altra inniúil. Tá sé tábhachtach go n-iarrann meantóirí aiseolas ó mhic léinn ar a n-inniúlacht meantóireachta agus go n-úsáideann siad é chun a n-inniúlacht féin a fhorbairt.

Na príomhbhacainní ar aiseolas éifeachtach a thabhairt

- Easpa sainiúlachta nuair a thugtar aiseolas. Ní thugann frásaí mar “Ní mór duit a bheith níos réamhghníomhaí” dóthain sonraí don mhac léinn seachas gur gá leo réiteach a chruthú chun a bheith níos réamhghníomhaí.
- An cineál mícheart aiseolais a thabhairt. Nuair a bhíonn níos lú taithí ag mac léinn ar thasc áirithe a dhéanamh, bíonn aiseolas níos dearfaí de dhíth air/uirthi. Nuair a fhasann leibhéal taithí an mhic léinn, is féidir le haiseolas cuiditheach cuidiú le feidhmíocht ghairmiúil a fheabhsú.
- Is féidir le haiseolas a thabhairt sa suíomh mícheart, mar shampla, aiseolas a thabhairt do mhac léinn le linn cruinnithe foirne le mic léinn nó baill foirne eile a bheith strusmhar agus ina údar náire.
- D’fhéadfadh an-iomarca léirmheastóireacht chuiditheach nó aiseolas diúltach iomarcach bac a chur ar fhoghlaim chliniciúil éifeachtach. Ba cheart do mheantóirí cliniciúla smaoineamh ar an gcóimheas idéalach d’aiseolas idir dearfach agus diúltach chun caidrimh idirphearsanta a fheabhsú.

3.4 Leideanna ar ghníomhaíochtaí is féidir a chomhtháthú in oideachas meantóireachta

Leid #1 Saincheisteanna tábhachtacha a bhaineann le meastóireacht ar phróiseas foghlama na mac léinn a chur i lathair. Cuir cásanna measúnaithe fíorshaoil éagsúla i láthair meantóirí cliniciúla agus iarr orthu smaoineamh ar straitéisí chun dúshláin mheasúnaithe a shárú.

Leid #2 Is féidir le meantóirí cliniciúla eispéiris ar an triantán cumarsáide a choinneáil a roinnt idir an t-oideoir altranais, an mac léinn altranais agus an meantóir – ar féidir leo mothúcháin de bheith ag obair ina n-aonar a sheachaint go rathúil.

Leid #3 Tacú le meantóirí cliniciúla chun riachtanais foghlama aonair na mac léinn a aithint agus chun gnéithe atá riachtanach chun timpeallachtaí éifeachtacha foghlama cliniciúla a chruthú a aithint. Tabhair samplaí agus leideanna cás fíorshaoil éagsúla maidir le conas tacú le próiseas foghlama na

mac léinn le linn an tsocrúcháin chliniciúil ar fad.

Leid #4 Cuidigh le meantóirí cliniciúla mothú go bhfuil cumhacht acu caidreamh éifeachtach meantóireachta a bhunú, foghlaim na mac léinn altranais a mheas agus timpeallacht shábháilte foghlama a chruthú.

Le meantóireacht ardchaighdeáin tugtar deiseanna foghlama dea-phleanáilte do mhic léinn a chuimsíonn soláthar ullmhúcháin, tacaíochta agus cóitseála do mhic léinn mar aon le leibhéal cuí maoirseachta. Tá sé seo ar fad ag brath ar ionchais, eispéiris na mac léinn agus an méid atá riachtanach dóibh le linn a socrúcháin d’fhonn a dtorthaí foghlama agus inniúlachtaí socraithe a bhaint amach.

Tá oiliúint chliniciúil ar ardchaighdeán lárnach in ullmhú altraí cúraim ghinearálta sa todhchaí. Is sna timpeallachtaí sin atá mic léinn altranais in ann teoiric a chomhtháthú i gcleachtas cliniciúil agus na hinniúlachtaí riachtanacha a bhaint amach mar a leagtar amach in Iarscríbhinn V de Threoir an AE 2013/55/AE.

Dá bhrí sin, is bunrud é go dtugann eagraíochtaí cúraim sláinte laistigh den AE a chuireann socrúcháin chliniciúla ar fáil do mhic léinn altranais aghaidh ar Threoir nuashonraithe 2013/55/AE agus go gcuireann siad an Treoir chun feidhme agus go gcinntíonn siad go bhfuil torthaí foghlama curaclaim ar aon dul leis an Treoir.

CUIREANN MOLTAÍ IALLACH AR MHEANTÓIRÍ ALTRA CLINICIÚLA AN MÉID A LEENAS A DHÉANAMH:

- Aird a dhíriú ar chritéir agus treoirlínte socraithe a thacaíonn le cur chun feidhme na meantóireachta ardchaighdeáin agus úsáid a bhaint astu chun an próiseas meantóireachta a threorú.
- Tacú go héifeachtach le mic léinn a gcuspóirí foghlama socraithe agus na hocht réimse inniúlachta a shainmhínítear in Airteagal 31 de Threoir 2013/55/AE a bhaint amach.
- Atmaisféar sábháilte go fisiciúil, go sóisialta agus go mothúchánach a chruthú agus a chothabháil i dtimpeallachtaí foghlama cliniciúla.
- Machnamh leanúnach a dhéanamh ar inniúlacht meantóireachta pearsanta agus straitéisí a phleanáil chun forbairt go gairmiúil agus mar mheantóir.

- Aiseolas cuiditheach ar inniúlacht meantóireachta pearsanta a iarradh ó mhic léinn agus ó chomhghleacaithe agus úsáid a bhaint as sin agus straitéisí á gcruthú le haghaidh forbairt inniúlachta.
- Comhoibriú le hoideoirí altranais ó eagraíochtaí oideachais chun próiseas foghlama na mac léinn altranais a éascú agus torthaí foghlama a bhaint amach.

CUIREANN MOLTAÍ IACHALL AR EAGRAÍOCHTAÍ CÚRAIM SLÁINTE:

- Measúnú a dhéanamh ar leibhéal reatha na cáilíochta sa mheantóireacht ar bhonn rialta laistigh den eagraíocht.
- Straitéisí éifeachtacha a phleanáil agus a chur chun feidhme ar leibhéal eagrúcháin a fheabhsaíonn cáilíocht na meantóireachta do mhic léinn altranais ag cur cleachtas cliniciúil i gcrích.
- Cumhacht a thabhairt do bhaill foirne a n-inniúlacht meantóireachta a fhorbairt de réir an Mhúnla Inniúlachta Meantóirí Altraí Cliniciúla Fianaise-Bhunaithe (Mikkonen et al., 2019).
- Tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach na mball foirne agus a chinntiú go bhfuil na hacmhainní riachtanacha i bhfeidhm do mheantóireacht éifeachtach. Oideachas meantóireachta a thairiscint do gach ball foirne a dhéanann meantóireacht ar mhic léinn. **Clliceáil anseo** le haghaidh sonraí breise ar chreachúrsa d'oideachas meantóireachta.

CUIREANN MOLTAÍ IACHALL AR LEIBHÉAL AE AGUS AR INSTITIÚIDÍ NÁISIÚNTA CHUN AN MÉID A LEANAS A DHÉANAMH:

- An t-ábhar meantóireacht ardchaighdeáin do mhic léinn altranais a neartú i gclár oibre polaitiúil d'fhonn teacht aniar a thógáil sa lucht saothair altranais a áireamh.
- A chinntiú go bhfuil oibleagáid ar gach Ballstát critéir a leagan síos a chabhróidh le meantóireacht ardchaighdeáin a dhéanamh ar mhic léinn altranais atá ag tabhairt chun críche cleachtas cliniciúil faoi mhaoirseacht meantóirí cáilithe.

- Úsáid Chreat Inniúlachta EFN a chur chun cinn mar uirlis d'fhonn cur chun feidhme Airteagal 31 de Threoir 2013/55/AE a éascú i gcuraclaim altranais ar fud an AE.
- Tuilleadh forbartha a dhéanamh ar chaighdeáin agus rialáil éigeantach trí dhlíthe agus curaclaim náisiúnta trínar féidir tacú le meantóirí altranais cliniciúla agus oideachas a chur orthu chun meantóireacht ardchaighdeáin a thabhairt.



Meastóireacht shaineolach ar an treoirlíne ar fhorbairt inniúlachta meantóireachta maidir le meantóirí altranais cliniciúla

San iomlán, ghlac 19 saineolaí páirt sa mheastóireacht ar an treoirlíne. Bhí an t-aiseolas foriomlán ó shaineolaithe an-dearfach mar a léirítear sna sleachta thíos.

‘I gcomhréir go teoiriciúil, réasúnta agus téacs loighciúil na dtreoirlínte.’
‘Is uirlis úsáideach agus riachtanach í seo le haghaidh oiliúna caighdeánaithe meantóireachta.’

‘Treoraíodh na treoirlínte i gceart agus go soiléir do mheantóirí cliniciúla agus d’institiúidí cúraim sláinte. Scríobhadh na treoirlínte de réir mhúnla inniúlachta na meantóirí cliniciúla fianaise-bhunaithe agus réimsí na n-ocht n-inniúlacht de réir na gceanglas atá sainithe i dTreoir an AE 2013/55/Airteagal 31 an AE. Áirithíonn siad sin go mbeadh meantóirí inniúil ar mhic léinn a threorú chun peirspictíochtaí daoine aonair, theaghlaigh agus phobail a ghlacadh go comhfhiosach i bpróisis réasúnaíochta chliniciúla agus chinnteoireachta.

‘Is uirlis mhodheolaíoch an-mhaith iad na treoirlínte do mheantóirí

chun eagrú agus forbairt gníomhaíochtaí meantóireachta a éascú. Tá cur síos mionsonraithe sa treoirlíne ar chleachtais meantóireachta, comhairleoireacht do mhic léinn, tábhacht an mhachnaimh, machnamh ar dhifríochtaí cultúrtha agus leideanna maidir le cumarsáid iomchuí. ‘

‘Tá na leideanna a thugtar i ngach caibidil fíorluachmhar, agus sílim gur chóir go mbeadh na treoirlínte bunaithe go príomha ar na modheolaíochtaí mionsonraithe atá dírithe ar SAINEOLAS meantóirí atá ag cleachtadh cheana féin a n-inniúlachtaí a fheabhsú go laethúil, agus ar CONAS ba cheart d’eagraíochtaí oideachais inniúlachtaí aonair agus cultúrtha an mheantóra a mheas.’

‘Tá na treoirlínte deartha go deas tarraingteach. Tá táblaí agus figiúirí úsáideacha ann a léiríonn na príomhghnéithe a bhaineann leis an ábhar treorach.’

‘Tá an t-ábhar comhsheasmhach, gan a bheith ró-ualaithe agus comhlántach go héasca.’

‘Tá an íomhá tarraingteach agus éasca a thuiscint.’

Tagairtí

Antohe, I., Riklikiene, O., Tichelaar, E., & Saarikoski, M. 2016. Oideachas cliniciúil agus oiliúint altraí mac léinn i gceithre thír measartha nua san Aontas Eorpach: Measúnú ar shásamh mac léinn leis an timpeallacht foghlama. *Oideachas altraí i gcleachtas, 17*, 139–144. <https://doi.org/10.1016/j.nepr.2015.12.005>

Blanchet Garneau, A., & Pepin, J. 2015. Inniúlacht chultúrtha: sainmhíniú tógachaí. *Iris an Altranais Traschultúrtha*, 26, 9–15. <http://dx.doi.org/10.1177/1043659614541294>

Campinha-Bacote, J. 2010. Múnla meantóireachta atá feasach ar chultúr. *Oideachasóir Altranais*, 35 (3), 130–135. <https://doi.org/10.1097/NNE.0b013e3181d950bf>

Treoir AE 2013/55. 2013. Treoir 2013/55/AE ó pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. <https://eurlex.europa.eu/LexUriServ/LexUriServ.do?uri=OJ:L:2013:354:0132:0170:en:PDF>

Immonen K., Oikarainen A., Tomietto M., Kääriäinen M., Tuomikoski AM, Kaučič BM, Filej B., Riklikiene O., Vizcaya-Moreno FM, Pérez-Cañaveras RM, De Raeve P., Mikkonen K., 2019. Measúnú ar inniúlacht mac léinn altranais i gcleachtas cliniciúil: athbhreithniú córasach ar athbhreithnithe. *Iris Idirnáisiúnta an Léinn Altranais*. <https://doi.org/10.1016/j.ijnurstu.2019.103414>

Mikkonen K., Tomietto M., Cicolini G., Kaucic BM, Filej B., Riklikiene O., Juskauskienė E., Vizcaya-Moreno MF, Pérez-Cañaveras RM, De Raeve P., Kääriäinen M., 2019. Múnla bunaithe ar fhianaise a fhorbairt agus a thástáil chun meantóireacht a dhéanamh ar mhic léinn altranais i gcleachtas cliniciúil. *Nurse Education Today*. <https://doi.org/10.1016/j.nedt.2019.104272>

Mikkonen K., Tomietto M., Kääriäinen M., Oikarainen A., Tuomikoski AM, Riklikiene O., Juskauskienė E., Vizcaya-Moreno MF, Pérez-Cañaveras RM, De Raeve P., Filej B., Plazar N., Čuk V., Kaučič BM 2019. Múnla inniúlachta meantóra altranais bunaithe ar fhianaise a fhorbairt. *Tionscadal-AE QualMent. Celje. CIP - Kataložni zapis o publikaciji. Univerzitetna knjižnica Maribor, an tSlóivéin*. ISBN 978-961-6889-35-3

Pramila-Savukoski S., Juntunen J., Tuomikoski AM, Kääriäinen M., Tomietto M., Kaučič BM, Filej B., Riklikiene O., Vizcaya-Moreno MF, Pérez-Cañaveras RM, De Raeve P., Mikkonen K., 2019. Inniúlacht féinmheasúnaithe meantóirí i meantóireacht a dhéanamh ar mhic léinn altranais i gcleachtas cliniciúil: athbhreithniú córasach ar staidéir chainníochtúla. *Journal of Clinical Nursing*. <https://doi.org/10.1111/jocn.15127>